NCCA

# Curaclam Matamaitice na Bunscoile – Ábhar tacaíochta

## Uimhreas: Codáin – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

### Tá deiseanna ag an bpáiste...

#### Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- Glac páit i ngníomhaíochtaí spraíúla a thaispeánann codáin i gcásanna fíorshaoil, m.sh., *scóráil mé 4 iarracht cispheile as 10, cé mhéad a chuir mé amú, ina chodán?*
- Fiosraigh naisc idir luach na gcodán agus a n-áit chomhfhreagrach ar an uimhirlíne.
- Déan iniúchadh ar an gcaoi ar féidir cruth nó tacar a roinnt ar bhealaí éagsúla agus ar an gcaoi ar féidir é sin a léiriú i bhfoirm chodánach.
- Léirigh ceartchodáin agus leaschodáin agus codáin choibhéiseacha ag baint úsáid as láimhseoga nithiúla, pictiúrtha agus fíorúla.



#### Cumarsáid a dhéanamh

- Tabhair faoi ghníomhaíochtaí atá bunaithe ar phlé, a bhaineann le comhthéacsanna tábhachtacha chun dul i dtaithí ar theanga na gcodán, m.sh., *torthaí tástála a scrúdú, bille a roinnt i mbialann*.
- Úsáid agus freagair teanga na gcodán ina ngnáthamh laethúil, m.sh., *ag féachaint ar eatraimh de cheathrú uaire ar an gclog*.
- Léirigh an bealach a smaoiníonn siad ag baint úsáid as láimhseoga nithiúla, pictiúrtha agus fíorúla.
- Éist le smaointe, straitéisí agus réitigh a bhaineann le codáin, déan iad a roinnt agus iad a mhíniú.



#### Réasúnaíocht a dhéanamh

- Úsáid a dtaithí féin ar an saol maidir le codáin ina gcuid súgartha, sa bhaile, srl. chun údar a thabhairt do smaoineamh, straitéis nó réiteach, m.sh., *cártaí imeartha a dháileadh le haghaidh cluiche cártaí, cóimheasa a úsáid agus bia/deoch á ullmhú do chóisir*.
- Déan tuar agus meastachán sula gcríochnaíonn tú réiteach ar fhadhb chodáin.
- Tabhair údar dá léiriú ar chodán, m.sh., *ar uimhirlíne, go pictiúrtha*.
- Roghnaigh na cur i láthair codáin is oiriúnaí a oireann don fhadhb, m.sh., *fad, achar nó samhlacha tacair*.



#### Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach

- Úsáid an t-eolas atá acu ar chodáin chun cinntí a dhéanamh agus chun fadhbanna a réiteach i gcásanna a bhaineann lena saolta, m.sh., *cé mhéad múinteoir a chaithfidh teacht ar an turas scoile má theastaíonn cóimheas 1 mhúinteoir in aghaidh an 12 pháiste uainn?*
- Comhroinn straitéisí a úsáidtear chun fadhbanna codáin a mheas agus déan iniúchadh orthu, m.sh., *úsáid a bhaint as uimhirlíne fholamh, úsáid a bhaint as cearnóga eangaí, úsáid a bhaint as cnaipí*.
- Ceap fadhbanna bunaithe ar chodáin agus réitigh do phiaraí ag baint úsáid as imeachtaí fíorshaoil.
- Tiontaigh codáin go deachúlacha, céatadáin agus cóimheasa de réir mar is cuí chun fadhbanna a réiteach ar an mbealach is éifeachtaí.



Arna fhorbairt i gcomhar le **Luke Sweeney, Múinteoir Bunscoile, Co. Chill Dara**